An Coimisiún Eorpach

# FOIREANN UIRLISÍ MEÁN SÓISIALTA LE HAGHAIDH #EUDiversityMonth

*Ceartas agus Tomhaltóirí*

Tá an Coimisiún Eorpach, Ardán AE um Chairteacha um an Éagsúlacht agus a bhaill ag fanacht leat dul i bpáirt le chéile ar líne le linn Mhí Éagsúlachta na hEorpa i mí Bealtaine 2021.

Ceapadh an fhoireann uirlisí seo do chuideachtaí ar mian leo páirt a ghlacadh i Mí Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh, trí ghníomhaíochtaí éagsúlachta a eagrú, éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre agus Mí Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh a cheiliúradh ar na meáin shóisialta.



© iStock / mattjeacock

## Cén fáth a gcuirfeá #EUDiversityMonth in iúl?

Le mana an Aontais Eorpaigh ‘Aontaithe san Éagsúlachta’ soláthraítear teachtaireacht an-tábhachtach agus sainítear cé muid féin.

Déantar cur síos leis ar an dóigh ar thángamar le chéile, in ainneoin ár ndifríochtaí. I dtrí fhocal shimplí díreach, cuireann sé an tuairim in iúl go bhfuilimid níos láidre le chéile leis an éagsúlacht agus go gcuireann sí lenár saol. Is le chéile amháin is féidir linn a bheith láidir go leor chun difríocht a dhéanamh agus diúltú do chiníochas agus do homafóibe agus muid ag tacú leis an éagsúlacht, leis an gcaoinfhulaingt agus leis an dlúthpháirtíocht. Is féidir teachtaireachtaí meán sóisialta a roinnt go díreach le do lucht spéise.

Cé acu an bhfuil d’eagraíocht ina sínitheoir den Chairt Éagsúlachta nó nach bhfuil, anois an t-am le do thacaíocht agus do thiomantas don éagsúlacht a thaispeáint agus do thuairim a chur chun tosaigh. **Déanaimis #EUDiversityMonth a threochtáil ar na meáin shóisialta!**

Tugtar smaointe duit san fhoireann uirlisí seo ar conas Mí Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh, agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis, a chur chun cinn ar na meáin shóisialta. Cuimsítear inti chomh mhaith gnéithe agus teachtaireachtaí físiúla éagsúla is féidir leat a íoslódáil agus a úsáid ar d’ardáin féin, i do theanga féin.

Faigh leagan is féidir a íoslódáil de na gnéithe sin ar **ár suíomh gréasáin**.

Má tá tú fós ag lorg smaointe ar cad iad na gníomhaíochtaí a d’fhéadfá a eagrú le linn Mhí Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh, féach ar ár dTreoir chun ceiliúradh le haghaidh **Mí Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh** a spreagadh.



## Conas agus cathain scéala faoi #EUDiversityMonth a chur in iúl

Beidh #EUDiversityMonth ar siúl le linn mhí Bealtaine 2021. Is féidir leat tosú ag cur teachtaireachtaí anois agus leanúint ort go dtí deireadh mhí na Bealtaine.

Seiceáil ar do Chairt Éagsúlachta cé acu an bhfuil sé beartaithe Lá/Seachtain náisiúnta na hÉagsúlachta a eagrú i do thír nó nach bhfuil agus conas is féidir leat páirt a ghlacadh ann.

Bain úsáid as cainéil mheán sóisialta d'eagraíochta chun cumarsáid a dhéanamh – is féidir leat na moltaí sonracha meán sóisialta a fháil faoin rannóg 'Cumarsáid mheán sóisialta' thíos. Luaigh do rannpháirtíocht i Mí Éagsúlachta na hEorpa agus i do Lá/Sheachtain náisiúnta Éagsúlachta.

Agus do tvuíteanna, postálacha Facebook agus LinkedIn á bhfoilsiú agat, clibeáil cuntais mheán sóisialta an Choimisiúin Eorpaigh, an Choimisinéara Helena Dalli agus na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí chomh maith le cuntais do Chairte náisiúnta Éagsúlachta ag baint úsáid as na clibeanna atá liostaithe ag deireadh na foirne uirlisí seo – féach Iarscríbhinn I.

# PICTIÚIR

## Conas níos mó airde a tharraingt ar an éagsúlacht agus ar do ghníomhaíochtaí

Molaimid duit do chumarsáidí a thaispeáint ar Mhí Éagsúlachta na hEorpa agus gníomhaíochtaí gaolmhara ar bith leis na pictiúir oifigiúla a cruthaíodh chun na críocha sin. **Tá siad ar fáil lena n-íoslódáil i ngach teanga AE.**

- Ná haistrigh na focail ar an bpictiúr oifigiúla; tá sé éasca a íoslódáil i ngach teanga AE.
- Nuair a bheidh an pictiúr á úsáid agat, fág roinnt spáis do na gnéithe eile thart air.
- Má bhíonn méid an phictiúir á athrú agat, bí cinnte nach n-athróidh tú cóimheas na híomhá.
- Ná hathraigh dathanna an phictiúir.
- Agus na pictiúir á n-úsáid in éineacht le do lógó agus do théacs féin, bain úsáid as an gcló Myriad Pro le haghaidh cuma ghairmiúil.

**MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH**

Aontaithe san éagsúlacht



## Sínithe ríomhphoist

Meaitseáil do shínithe ríomhphoist le Mí Éagsúlacht na hEorpa.

MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH

Aontaithe san éagsúlacht

**Ainm Sloinne**
Teideal

**LÓGÓ NA hEAGRAÍOCHTA**

**Ainm na hEagraíochta**
Seoladh

+ Guthán
Ríomhphost

## Do shuíomh gréasáin, nuachtlitir agus ardáin eile

Is féidir leat nuacht a chruthú, d’fhógraí meirge a bheochan agus cumarsáid a dhéanamh ag baint úsáid as pictiúir choiteanna an fheachtais. Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil duit lena n-úsáid ar do shuíomh gréasáin, nuachtlitir agus ardáin eile:








# PICTIÚIR MHEÁN SÓISIALTA

Íoslódáil an pictiúr anseo.







"Glacaimis go léir seasamh níos daingne ar son na héagsúlachta agus déanaimis beart ina leith. Léirímis go bhfuilimid tiomanta don éagsúlacht, agus i mí na Bealtaine 2021 déanaimis ceiliúradh ar Mhí Éagsúlachta na hEorpa le chéile. Agus níos mó éagsúlachta againn sna láithreacha oibre, cruthóimid Eoraip atá níos córa agus níos cothroime do chách."
Helena Dalli
Coimisinéir an Aontais
um Chomhionannas
MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht


"Ceanglófar"
Ainm Sloinne
Teideal
MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht

Íoslódáil an pictiúr anseo.







"Glacaimis go léir seasamh níos daingne ar son na héagsúlachta agus déanaimis beart ina leith. Léirímis go bhfuilimid tiomanta don éagsúlacht, agus i mí na Bealtaine 2021 déanaimis ceiliúradh ar Mhí Éagsúlachta na hEorpa le chéile. Agus níos mó éagsúlachta againn sna láithreacha oibre, cruthóimid Eoraip atá níos córa agus níos cothroime do chách."
Helena Dalli
Coimisinéir an Aontais
um Chomhionannas
MÍ ÉAGSÚLACHTA
AN AONTAIS
EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht


"Ceanglófar"
Ainm Sloinne
Teideal
MÍ ÉAGSÚLACHTA
AN AONTAIS
EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht

Íoslódáil an pictiúr anseo.







“Glacaimis go léir seasamh níos daingne ar son na héagsúlachta agus déanaimis beart ina leith. Léirímis go bhfuilimid tiomanta don éagsúlacht, agus i mí na Bealtaine 2021 déanaimis ceiliúradh ar Mhí Éagsúlachta na hEorpa le chéile. Agus níos mó éagsúlachta againn sna láithreacha oibre, cruthóimid Eoraip atá níos córa agus níos cothroime do chách.”
Helena Dalli
Coimisinéir an Aontais um Chomhionannas
MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht


“Ceanglófar”
Ainm Sloinne
Teideal
MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht

Íoslódáil an pictiúr anseo.







“Glacaimis go léir seasamh níos daingne ar son na héagsúlachta agus déanaimis beart ina leith. Léirímis go bhfuilimid tiomanta don éagsúlacht, agus i mí na Bealtaine 2021 déanaimis ceiliúradh ar Mhí Éagsúlachta na hEorpa le chéile. Agus níos mó éagsúlachta againn sna láithreacha oibre, cruthóimid Eoraip atá níos córa agus níos cothroime do chách.”
Helena Dalli
Coimisinéir an Aontais
um Chomhionannas
MÍ ÉAGSÚLACHTA
AN AONTAIS
EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht


“Ceanglófar”
Ainm Sloinne
Teideal
MÍ ÉAGSÚLACHTA
AN AONTAIS
EORPAIGH
Aontaithe san éagsúlacht

# CUMARSÁID MHEÁN SÓISIALTA

Tá sé de bhuntáiste ag líonraí meán sóisialta, ar nós Twitter, LinkedIn, Facebook, Instagram, etc. cumarsáid a bhfuil tionchar aici a uasmhéadú. Ar ardáin mheán sóisialta, is féidir leat do thiomantas, do ghníomhaíochtaí beartaithe a fhógairt, agus daoine a thabhairt le chéile thart ar d'imeachtaí. I ndara céim, cuirfidh na hardáin sin ar do chumas clúdach a sholáthar den lá féin (mar iar-imeacht).

Bain úsáid i gcónaí as an haischlib **#EUDiversityMonth**, cé gur féidir leat úsáid a bhaint freisin as na haischlibeanna **#UnitedInDiversity**, **#DiversityCharters** agus **#UnionOfEquality**.

## Twitter

Agus do tvuíteanna á bhfoilsiú agat, clibeáil cuntas Twitter an Choimisiúin Eorpaigh, cuntas Twitter an Choimisinéara Helena Dalli, cuntas Twitter an AS um Cheartas agus Tomhaltóirí agus cuntais Twitter do Chairte náisiúnta Éagsúlachta go díreach i do theachtaireacht, faoi mar a bheartaítear faoi phostálacha meán sóisialta agus faoi chuntais chlibeála ar phictiúir #EUDiversityMonth. Féach Iarscríbhinn I - 'Cuntais le clibeáil' lena bhfuil naisc le gach ceann de na cuntais Twitter.

## Facebook

Agus tú ag foilsiú ar Facebook, clibeáil leathanach Facebook an Choimisiúin Eorpaigh agus an AS um Cheartas agus Tomhaltóirí, i do theachtaireachtaí agus ar phictiúir #EUDiversityMonth. Féach Iarscríbhinn I - 'Cuntais le clibeáil' lena bhfuil naisc le gach ceann de na leathanaigh Facebook.

## LinkedIn

Agus tú ag foilsiú ar LinkedIn, i do phostálacha is féidir leat leathanach LinkedIn an Choimisiúin Eorpaigh a chlibeáil i do theachtaireachtaí agus ar phictiúir #EUDiversityMonth. Féach Iarscríbhinn I - 'Cuntais le clibeáil' lena bhfuil naisc le gach ceann de na leathanaigh LinkedIn.

# Frámaí grianghraif ar na meáin shóisialta

Taispeáin do thacaíocht do #EUDiversityMonth agus bain úsáid as ceann amháin den dá leagan éagsúla de na frámaí grianghraif do Facebook agus LinkedIn, ar ghrianghraf do phróifíle pearsanta agus/nó lógó do chuideachta.




# Facebook

Beidh na frámaí grianghraif ar Facebook ar fáil ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2021.

Is iad seo a leanas céimeanna chun ceann de na frámaí a uaslódáil ar do **phróifíl phearsanta**:

**1.** Téigh chuig do phróifíl phearsanta Facebook

**1.** Cliceáil ar an deilbhín 'Ceamara grianghraif' sa chúinne íochtair ar dheisde do ghrianghraf próifíle

**2.** Téigh chuig an rogha 'Cuir Fráma leis'

**3.** Cuardaigh an fráma agus clóscríobh sa bhosca cuardaigh: Mí Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh

**4.** Roghnaigh ceann as dhá dhearadh atá ar fáil

**5.** Cliceáil ar 'Úsáid mar Ghrianghraf Próifíle' sa chúinne íochtair ar dheis

**6.** Maith thú! Go raibh maith agat as do thacaíocht do #EUDiversityMonth a thaispeáint!

Chun é a uaslódáil ar **phróifíl do chuideachta**, lean na céimeanna ina dhiaidh sin:

Leis na fráma grianghraif ineagarthóireachta a gheobhaidh tú thíos is féidir leat lógó do chuideachta a uaslódáil trína tharraingt agus a scaoileadh isteach sa fhráma. I ndiaidh duit ceann amháin den dá leagan a roghnú agus é a thiontú go dtí Formáid .Grafaice Iniompartha (Formáid .PNG) is féidir leat é a nuashonrú dá réir sin ar leathanach Facebook do chuideachta.

**Íoslódáil cur i láthair PowerPoint (PPT) le frámaí grianghraif meán sóisialta anseo agus na treoirlínte chun do ghrianghraif PPT a thiontú go formáid .PNG anseo.**

## LinkedIn

Leis na frámaí grianghraif ineagarthóireachta a gheobhaidh tú thíos is féidir leat grianghraf do phróifíle pearsanta nó lógó do chuideachta a uaslódáil trína tharraingt agus a scaoileadh isteach sa fhráma. I ndiaidh duit ceann amháin den dá leagan a roghnú agus é a thiontú go dtí formáid .PNG is féidir leat é a nuashonrú dá réir sin ar do phróifíl phearsanta LinkedIn agus ar leathanach LinkedIn do chuideachta.

**Íoslódáil an PPT le frámaí grianghraif meán sóisialta anseo agus na treoirlínte chun do ghrianghraif PPT a thiontú go formáid .PNG anseo.**

# POSTÁLACHA MEÁN SÓISIALTA

Tá na postálacha meán sóisialta thíos á gcur ar fáil mar fhoinse spreagtha do do chumarsáid meán sóisialta féin i ndáil le Mí Éagsúlacht na hEorpa. Gheobhaidh tú teachtaireachtaí meán sóisialta agus na leaganacha ineagarthóireachta lena n-íoslódáil **anseo**.

## Postáil Twitter– ginearálta

Tiomnaímis don éagsúlacht i mí na Bealtaine 2021!

Le linn #EUDiversityMonth déanfaimid an méid seo a leanas:

√ ár n-iarrachtaí le haghaidh tuilleadh éagsúlachta a dhéanamh níos feiceálaí,

√ éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn inár n-ionaid oibre & sa tsochaí,

√ seasamh leis an éagsúlacht & gníomhú i gcomhair athraithe!

Téigh linn http://bit.ly/3rqUGqZ

#UnitedInDiversity




Everyone can reply

1 Tweet

# Postáil Twitter– sonrach

Ceiliúraimis #EUDiversityMonth i mí Bealtaine 2021!

Iarraimid ar gach eagraíocht sa Pholainn 🇵🇱 éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre & seasamh ar son sochaí chuimsitheach ar fud AE 🇪🇺

Glac páirt agus déan difríocht 👉 http://bit.ly/3rqUGqZ

#UnitedInDiversity




Everyone can reply

1 Tweet

# Postáil Facebook (Leagan 1)

⚡ Anois an t-am le gníomhú agus seasamh ar son na héagsúlachta!

📅 Ceiliúraimis #EUDiversityMonth le chéile i mí na Bealtaine 2021.

Taispeáin do thiomantas trí éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn i d'ionad oibre agus i bpobail ar fud na hEorpa.

Gníomhaigh anois agus bí i do chuid de chor cinniúna don éagsúlacht ➡️ http://bit.ly/3rqUGqZ

#UnitedInDiversity




Add to your post

Post

# Postáil Facebook (Leagan 2 le cuntais chlibeála sa teachtaireacht – faigh naisc in IARSCRÍBHINN I)

⚡ Anois an t-am le gníomhú agus seasamh ar son na héagsúlachta!

📅 Ceiliúraimis #EUDiversityMonth le chéile i mí Bealtaine 2021.

Téigh le the @European Commission agus @EU Justice and Consumers trí éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn inár n-ionaid oibre agus inár bpobail ar fud na hEorpa.

Gníomhaigh anois agus bí i do chuid de chor cinniúna don éagsúlacht ➡️ http://bit.ly/3rqUGqZ

#UnitedInDiversity#DiversityCharters




Add to your post

Post

# Postáil LinkedIn – (Leagan 1)

Anois an t-am le gníomhú agus seasamh ar son na héagsúlachta!

An bhfuil tú réidh don dúshlán? Deis uathúil is ea **#EUDiversityMonth** i mí na Bealtaine le tiomantas a dhéanamh don éagsúlacht!!

Glac páirt i ngníomhaíochtaí chun luach na héagsúlachta agus an chuimsithe agus na tairbhí do do chuideachta a thaispeáint.

Tiomnaímis d'éagsúlacht agus do chuimsiú inár n-ionaid oibre agus inár bpobail ar fud na hEorpa.

Gníomhaigh anois agus bí i do chuid de chor cinniúna don éagsúlacht → http://bit.ly/3rqUGqZ

**#UnitedInDiversity #diversitycharters**




Add hashtag # diversity # inclusion # diversityandinclusion

Anyone Post

# Postáil LinkedIn – ginearálta (Leagan 2 le cuntais chlibeála sa teachtaireacht – faigh naisc in IARSCRÍBHINN I)

Anois an t-am le gníomhú agus seasamh ar son na héagsúlachta!

An bhfuil tú réidh don dúshlán? Deis uathúil is ea **#EUDiversityMonth** i mí na Bealtaine le tiomantas a dhéanamh don éagsúlacht!

Téigh le **@European Commission** chun feasacht a spreagadh faoi conas a théann éagsúlacht agus cuimsiú chun tairbhe d'eagraíochta.

Tiomnaímis d'éagsúlacht agus do chuimsiú inár n-ionaid oibre agus inár bpobail ar fud na hEorpa.

Gníomhaigh anois agus bí i do chuid de chor cinniúna don éagsúlacht → http://bit.ly/3rqUGqZ

**#UnitedInDiversity #diversitycharters**




Add hashtag # diversity # inclusion # diversityandinclusion

Anyone Post

# Postáil LinkedIn– sonrach

Ceiliúraimis #EUDiversityMonth le chéile le linn Bealtaine 2021!

Conas is féidir leat cuidiú chun éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn i d’eagraíocht?

√ feasacht a spreagadh maidir leis na tairbhí do d’ionad oibre agus do do phobal,

√ seasamh ar son na héagsúlachta agus an chomhionannais trí shampla a thabhairt,

√ ionaid oibre chuimsitheacha bunaithe ar chothroime, ar oscailteacht agus ar mhuinín a cruthú.

Iarraimid ar gach eagraíocht sa Pholainn PL, cé acu an bhfuil Cairt Éagsúlachta sínithe agat nó nach bhfuil, seasamh ar son na héagsúlachta agus gníomhú dá réir.

Téigh linn agus déan difríocht 👉http://bit.ly/3rqUGqZ

**#UnitedInDiversity #DiversityCharters**




Add hashtag # diversity # inclusion # diversityandinclusion

Anyone Post

# SAMPLAÍ DE CHUMARSÁID

## Cumarsáid inmheánach

- Agus tú ag ullmhú don imeacht ar an lá féin, seol ríomhphost chuig na fostaithe go léir chun insint dóibh faoi thiomantas na heagraíochta don éagsúlacht agus dá luachanna, na tairbhí a bhaineann le lucht oibre éagsúil agus cad chuige a bhfuil sé tábhachtach do d'eagraíocht.
- Ullmhaigh fógráin agus póstaeir (fhíorúla) chun infheictheacht an imeachta agus na héagsúlachta araon a threisiú.

## Cumarsáid sheachtrach

- Inis do do chliaint agus do do chomhpháirtithe faoi do thiomantas don éagsúlacht agus faoin imeacht (na himeachtaí) a bheidh tú ag eagrú i nuachtlitir d'eagraíochta.
- Úsáid líonra do Chairte Éagsúlachta chun ceangal le heagraíochtaí eile.
- Úsáid na comhaid fhíorúla a ullmhaíodh agus cuir lógó d'eagraíochta leis.
- Postáil ráitis agus pictiúir maidir leis an bhfáth a bhfuil éagsúlacht tábhachtach do d'eagraíocht.
- Bain úsáid as na haischlibeanna coiteanna do gach cumarsáid mheán sóisialta.

# IARSCRÍBHINN 1 – CUNTAIS LE CLIBEÁIL

Agus do tvuíteanna, postálacha Facebook agus LinkedIn á bpostáil agat, clibeáil cuntais mheán sóisialta an Choimisiúin Eorpaigh chomh maith le cuntais do Chairte Éagsúlachta ag baint úsáid as an tábla thíos:

| CUNTAIS MHEÁN SÓISIALTA ÁBHARTHA AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm na heagraíochta, duine nó tíre / Cainéal meán sóisialta | Twitter | Facebook | LinkedIn | Instagram |
| An Coimisiún Eorpach | @European Commission | An Coimisiún Eorpach | An Coimisiún Eorpach | An Coimisiún Eorpach |
| An Coimisinéir um Chomhionannas Helena Dali | @helenadalli | | | Helena Dalli |
| An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí | @EU_Justice | Ceartas agus Tomhaltóirí AE | | |
| **CUNTAIS MHEÁN SÓISIALTA NA GCAIRTEACHA ÉAGSÚLACHTA** | | | | |
| An Ostair | - | - | - | - |
| An Bheilg | @ActirisBrussels | @Actiris | @Actiris | |
| An Bhulgáir | @BBLF1 | Cairt Éagsúlachta na Bulgáire | Fóram Ceannairí Gnó na Bulgáire (BBLF) | |

| Ainm na heagraíochta, duine nó tíre / Cainéal meán sóisialta | Twitter | Facebook | LinkedIn | Instagram |
|---|---|---|---|---|
| **CUNTAIS MHEÁN SÓISIALTA NA GCAIRTEACHA ÉAGSÚLACHTA** | | | | |
| An Chipir | - | @CSI.CYPRUS | Ionad Nuálaíochta Sóisialta na Cipire - CSICY | Ionad Nuálaíochta Sóisialta |
| An tSeicia | @OdpovedneFirmy | @byznysprospolecnost | Gnó don tSochaí | - |
| An Chróit | @HrBcsd | @HrPsor | HR PSOR HR BCSD | - |
| An Danmhairg | - | @mangfoldighed.odense | Mangfoldighedscharter Odense | - |
| An Eastóin | @EIK_anneta | @humanrightscentre | - | Eesti Inimõiguste Keskus |
| An Fhionlainn | @FIBSry | @fibscrnetwork | FIBS | - |
| An Fhrainc | @CharteDiversite | Charte de la diversité | Charte de la diversité | - |
| An Ghearmáin | @ChartaVielfalt | @chartadervielfalt | Charta der Vielfalt e.V. | Charta der Vielfalt e.V. |
| An Ghréig | - | @diversitycharter | Cairt Éagsúlachta na Gréige | - |

| Ainm na heagraíochta, duine nó tíre / Cainéal meán sóisialta | Twitter | Facebook | LinkedIn | Instagram |
|---|---|---|---|---|
| **CUNTAIS MHEÁN SÓISIALTA NA GCAIRTEACHA ÉAGSÚLACHTA** | | | | |
| An Ungáir | - | @sokszinusegikarta-magyarorszag | - | - |
| Éire | @maria_hegarty | Equality Strategies Ltd | Equality Strategies ltd | - |
| An Iodáil | @FondSodalitas | @fondazionesodalitas | Fondazione Sodalitas | - |
| An Laitvia | - | @ThinkDiversity | - | - |
| An Liotuáin | - | @DiversityLT | - | - |
| Lucsamburg | @imslux | IMS Luxembourg | IMS Luxembourg | |
| An Ísiltír | @CharterDiv | - | Charter Diversiteit | - |
| An Pholainn | @FOB_Poland | @ZarzadzanieRoznorodnoscia | Forum Odpowiedzialnego Biznesu | @fob_poland |
| An Phortaingéil | - | @CartaDiversidade | Carta Portuguesa para a Diversidade | |

| Ainm na heagraíochta, duine nó tíre / Cainéal meán sóisialta | Twitter | Facebook | LinkedIn | Instagram |
|---|---|---|---|---|
| **CUNTAIS MHEÁN SÓISIALTA NA GCAIRTEACHA ÉAGSÚLACHTA** | | | | |
| An Rómáin | - | @CartaDiversitatii | Carta Diversitatii din Romania | |
| An tSlóvaic | @Pontis_Slovakia | @nadaciapontis | Nadácia Pontis/ Pontis Foundation | nadaciapontis |
| An tSlóivéin | @LRSBarbara | @listinaraznolikostiSlo-venija | Listina raznolikosti Slovenija | - |
| An Spáinn | @Fund_Diversidad | @FundacionparalaDi-versidad | Fundación para la Diversidad | fund_diversidad |
| An tSualainn | @DC_Sweden | @DiversityCharte-rInSweden | Cairt Éagsúlachta na Sualainne | |